AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
COMPANIES REGISTRATION OFFICE

Bileog Faisnéise Uimh. 39

# Síneadh ama i ndáil le tuairisceán bliantúil a chomhdú – an Chúirt Dúiche

Bileog Faisnéise Uimh. 39 / Aibreán 2019

# IARRATAIS CHUN NA CÚIRTE DÚICHE

## 1. CÚLRA

I ndiaidh thosach feidhme Acht na gCuideachtaí 2014 ar an 1 Meitheamh 2015, féadfaidh cuideachta a bhfuil an spriocdháta imithe thairsti maidir lena tuairisceán bliantúil a chomhdú leis an CRO, nó cuideachta a bhfuil a fhios aici go n-imeoidh an dáta sin thairsti, iarratas a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche ar Ordú chun síneadh a chur leis an am i ndáil le seachadadh a tuairisceáin bhliantúil. **Ní mór Cláraitheoir na gCuideachtaí a chur iar bhfógra go bhfuil an chuideachta ag déanamh iarratais den sórt sin chun na Cúirte.**

Faoi alt 343 d'Acht na gCuideachtaí 2014, **féadfar iarratais ar shíneadh ama i ndáil le comhdú Tuairisceáin Bhliantúil a dhéanamh chun na Cúirte Dúiche (nó chun na hArd-Chúirte).** Féadfaidh an Chúirt, ach í a bheith deimhin go mbeadh an cur chuige sin cóir, Ordú a dhéanamh lena gcuirfear síneadh leis an tréimhse ama inar féidir tuairisceán bliantúil na cuideachta a sheachadadh ar Chláraitheoir na gCuideachtaí. Ní féidir iarratas chun na Cúirte a dhéanamh ach amháin i leith tuairisceán bliantúil nár seachadadh cheana féin ar an CRO. Ní féidir ach Ordú amháin a dhéanamh maidir le haon bhliain ar leith. De rogha na Cúirte, féadfar an tOrdú a dheonú chun blianta éagsúla a chur san áireamh dá bhfuil tuairisceáin dlite.

**Ní athraíonn an síneadh ama i ndáil le Tuairisceán Bliantúil a chomhdú Dáta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) na cuideachta.**

Má dhéanann an chuideachta an tuairisceán bliantúil don bhliain atá i gceist a sheachadadh ar an CRO laistigh den tréimhse ama shínte a shonróidh an Chúirt, beidh an tuairisceán bliantúil seachadta in am agus ní bheidh ar an gcuideachta pionóis um chomhdú déanach a íoc agus ní chaillfidh sí a díolúine ó iniúchadh (más infheidhme).

Is é sin le rá go gcaithfidh an CRO leis an tuairisceán bliantúil mar cheann a fuarthas in am agus nach mbeidh feidhm ag iarmhairtí a bhaineann le comhdú

## 2. NÓSANNA IMEACHTA NACH MÓR A LEANÚINT

**Tabhair faoi deara nach mór ionadaíocht dlí a bheith ag cuideachta sa Chúirt:**

**Céim a hAon**

- Ní mór iarratas ar dháta cúirte, ar Fhoirm 93B.1, a dhéanamh ar dtús chuig an gCúirt Dúiche ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta suite – féach suíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna
- Ní mór go sonrófaí san Fhoirm 93B.1 an bhliain airgeadais atá i gceist, Dáta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB) na cuideachta faoi láthair, agus an dáta a bhfuil iarrtha ar an gCúirt an t-am a shíneadh cothrom leis i ndáil le seachadadh Thuairisceán Bliantúil na cuideachta ar an gCláraitheoir.
- Tabhair faoi deara gurb é an dáta sínte ar an bhFoirm 93B.1 an dáta nua faoinar gá don chuideachta an Tuairisceán Bliantúil a sheachadadh ar an CRO ionas go gcomhdófar in am é. Is ionann an tréimhse ama a d'fhéadfadh an Chúirt síneadh a chur léi agus an tréimhse 28 lá i ndiaidh an DTB dá bhforáiltear in alt 343(2) agus 343(3), Acht na gCuideachtaí 2014. Táthar ag iarraidh ar an gCúirt an tréimhse 28 lá sin a shíneadh agus níl an DTB á athrú aici.
- Ní mór don Iarratasóir nó don Aturnae thar ceann an Iarratasóra an Fhoirm 93B.1 a shíniú. Ní mór go n-áireofaí inti ráiteas nach ndearna an Chúirt Dúiche aon Ordú roimhe seo faoi alt 343(5) den Acht i leith na tréimhse lena mbaineann an Tuairisceán Bliantúil (is ábhar don iarratas).

**Céim a Dó**

- Ní mór cóip den fhógra iarratais, Foirm 93B.1, ina mbeidh dáta agus am na héisteachta Cúirte, a sheirbheáil ar Chláraitheoir na gCuideachtaí in éineacht le cóip de Mhionnscríbhinn na cuideachta (Foirm 93B.2), trína gcuirfear an Cláraitheoir iar bhFógra de réir alt 343(5), Acht na gCuideachtaí 2014.
- Is ionann an Fhoirm 93B.2 (Mionnscríbhinn) agus doiciméad tacaíochta ina leagtar síos na cúiseanna go bhfuil an tOrdú Cúirte á lorg agus ní mór do Stiúrthóir nó Rúnaí de chuid na cuideachta is Iarratasóir í a mhionnú.

- Ní mór Foirm 93B.1 agus Foirm 93B.2, lena n-áirítear an Mhionnscríbhinn shínithe trína gcuirtear an Cláraitheoir iar bhfógra de réir alt 343(5), Acht na gCuideachtaí 2014, a sheachadadh ar an CRO **ar a laghad 21 lá roimh an dáta a bheidh socraithe le haghaidh an iarratas a éisteacht sa Chúirt.**
- Nuair a bheidh an Fhoirm 93B.1 agus an Fhoirm 93B.2 faighte sa CRO, eiseoidh an CRO Litir Admhála chuig an láithreoir (cuirtear cóip chuig an gCúirt Dúiche atá i gceist freisin).
- NB. Cuirfidh an Cláraitheoir in aghaidh aon iarratais a dhéantar chun na Cúirte Dúiche ar shíneadh ama i dtaca le tuairisceán bliantúil a chomhdú más tuairisceán bliantúil é ba cheart a bheith seachadta roimh an 1 Meitheamh 2015.
- Cuirfidh an Cláraitheoir in aghaidh aon iarratais a dhéantar chun na Cúirte Dúiche ar shíneadh ama i dtaca le tuairisceán bliantúil a chomhdú i gcás nach leor, i dtuairim an Chláraitheora, na cúiseanna a cuireadh ar fáil agus na fíricí tacaíochta chun a éileamh go gcealófaí an oibleagáid dhlíthiúil atá ar an gcuideachta faoi Acht na gCuideachtaí tuairisceáin bhliantúil atá pras agus cruinn a chomhdú leis an CRO.
- Cuirfidh an Cláraitheoir in aghaidh aon iarratais a dhéanann cuideachta dhíscaoilte chun na Cúirte Dúiche ar shíneadh ama i dtaca le tuairisceán bliantúil a chomhdú.

**Céim a Trí**

- Ní mór an Fhoirm 93B.1 a thaisceadh leis an gCléireach Cúirte, mar aon le dearbhú reachtúil gur seirbheáladh í ar an gCláraitheoir, **tráth nach déanaí ná ceithre lá roimh an dáta a bheidh socraithe chun an t-iarratas a éisteacht**.

**Céim a Ceathair**

- An Éisteacht Cúirte. **Tabhair faoi deara le do thoil nach mór ionadaíocht dlí a bheith ag cuideachta sa Chúirt.**
- Tabhair faoi deara go bhforchoimeádann an Cláraitheoir an ceart chun go ndéanfaí ionadaíocht dó sa Chúirt Dúiche i gcás ar bith ina ndéantar iarratas ar shíneadh ama i dtaca le tuairisceán bliantúil a chomhdú.
- Má dheonaíonn an Chúirt an tOrdú ag síneadh an ama i gcomhair comhdaithe, eiseofar an tOrdú (Foirm 93B.3) agus léireofar air:
  (a) an dáta nua dár deonaíodh an síneadh ama chun an Tuairisceán Bliantúil a chomhdú.
  (b) an dáta faoi nach mór an tOrdú Cúirte a sheachadadh ar an CRO (28 lá go hiondúil). Mura ndéanfar an tOrdú Cúirte a sheachadadh ar an CRO laistigh den tréimhse dá bhforáiltear, beidh an tOrdú neamhbhailí

**Céim a Cúig**

Má dheonaítear síneadh ama di i ndáil le comhdú, ní mór don chuideachta:
- tuairisceán bliantúil páipéir (B1 agus ráitis airgeadais mar aon leis an táille comhdaithe chaighdeánach) a sheachadadh ar an CRO faoin dáta dá bhfuil an síneadh ama deonaithe, nó
- an fhoirm B1 a chur isteach go leictreonach chuig an CRO faoin dáta sínithe agus an comhdú a chur i gcrích laistigh de 28 lá ón dáta ar cuireadh isteach go leictreonach

## 3. ATHRÚ AR AN DÁTA CÚIRTE BUNAIDH

Más rud é go n-athraítear an dáta Cúirte bunaidh nó má chuirtear an cás ar atráth, ní mór don chuideachta an Cláraitheoir a chur ar an eolas ar an bpointe faoi dháta Cúirte nua.

**Tabhair faoi deara: má dhéanann an chuideachta a tuairisceán bliantúil a sheachadadh nó a chur isteach tar éis an dáta dá bhfuil an síneadh ama deonaithe, measfar go mbeidh sé déanach agus beidh sé faoi réir pionós um chomhdú déanach agus chaillteanas na díolúine ó iniúchadh ar feadh dhá bhliain sa ghnáthchúrsa.**

## 4. CEISTEANNA COITIANTA

**An gá dom a rá leis an CRO go bhfuil mé ag déanamh iarratais chun na Cúirte Dúiche ar shíneadh ama?**
Is gá don chuideachta Cláraitheoir na gCuideachtaí ar chur iar bhfógra go bhfuil sí ag déanamh iarratais chun na cúirte agus ní mór di Foirmeacha Cúirte 93B.1 agus 93B.2 a sheachadadh ar an CRO ar a laghad 21 lá roimh an éisteacht Cúirte. Eiseoidh an CRO Litir Admhála nach mór don Iarratasóir í a chur ar fáil don Chúirt.

**An féidir liom iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama siarghabhálach?**
Is féidir iarratais a dhéanamh i leith tuairisceán bliantúil a bhfuil a spriocdháta thart nó i gcás ina meastar go mbeidh tuairisceán déanach. Ní féidir iarratas ar shíneadh ama i ndáil le comhdú a dhéanamh chun na cúirte i leith tuairisceán bliantúil atá comhdaithe cheana féin leis an CRO, áfach.

Foráiltear le halt 343(7) d’Acht na gCuideachtaí: “Maidir le tuairisceán bliantúil atá le seachadadh ar thosach feidhme an ailt seo nó ina dhiaidh, beidh an chúirt chun críocha fho-alt (5) ar an gCúirt Dúiche le haghaidh dhúiche na Cúirte Dúiche ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta lonnaithe nó beidh sí ar an Ard-Chúirt.”

Fuarthas comhairle dlí sa chéill nach féidir iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama i dtaca le tuairisceán bliantúil a chomhdú ach chun na Cúirte Dúiche maidir le tuairisceán bliantúil atá le seachadadh ar thosach feidhme alt 343, i.e. an 1 Meitheamh 2015, nó ina dhiaidh.

Dá bhrí sin, ní féidir le cuideachtaí ar cheart a dtuairisceán bliantúil a bheith seachadta roimh an 1 Meitheamh 2015 leas a bhaint as rogha na Cúirte Dúiche agus is chun na hArd-Chúirte amháin is féidir leo iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama i dtaca leis an tuairisceán bliantúil a chomhdú.

Cuirfidh an Cláraitheoir in aghaidh aon iarratais a dhéantar chun na Cúirte Dúiche ar shíneadh ama i dtaca le tuairisceán bliantúil a chomhdú más tuairisceán bliantúil é ba cheart a bheith seachadta roimh an 1 Meitheamh 2015.

**Cén dáta is féidir liom a ainmniú don síneadh ama?**
Ós rud é nach féidir le cuideachta dul ar ais chuig an gCúirt le haghaidh an dara hOrdú don bhliain chéanna, ba chóir don chuideachta a chinntiú go mbeidh sí in ann a Tuairisceán Bliantúil a chomhdú faoin dáta sínte a chuirfidh sí isteach air. Ní mór don CRO an tOrdú Cúirte (Foirm 93B.3) a fháil sula bhfaighidh sí an Tuairisceán Bliantúil atá dlite.

Mar sin, agus iarratas á dhéanamh chun na Cúirte, ba cheart gurbh ionann an dáta sínte ar an bhFoirm 93B.1 agus dáta a chuirfidh ar a cumas don chuideachta an Tuairisceán Bliantúil agus na ráitis airgeadais a sheachadadh ar an CRO in am trátha roimh an spriocdháta nua. Ní mór duit dáta a ainmniú ar an bhFoirm 93B.1 atá tar éis na hÉisteachta Cúirte.

**An athróidh an síneadh ama mo Dháta Tuairisceáin Bhliantúil (DTB)?**
Ní athróidh; baineann an síneadh ama leis na 28 lá tar éis DTB na cuideachta. Cuirtear síneadh leis an tréimhse 28 lá sin, agus ní athraítear an DTB.

**An féidir liom blianta eile a áireamh san iarratas?**
Is féidir leat blianta éagsúla a áireamh dá bhfuil tuairisceán bliantúil dlite. Ní féidir leat iarratas a dhéanamh chun na Cúirte ach uair amháin i leith bliain áirithe, áfach (ní féidir leat dul ar ais chuig an gCúirt arís le haghaidh Ordú eile i leith an tuairisceáin dá bhfuil Ordú deonaithe duit cheana féin).

**Cá bhfaighidh mé na foirmeacha chun iarratas a dhéanamh ar shíneadh ama?**
Is í an tSeirbhís Chúirteanna a eisíonn na foirmeacha – is féidir leat iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna

## 5. CÉ IS FÉIDIR LIOM TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS NÓ LÉI SA CRO?

Nuair a bheidh an Cláraitheoir á chur iar bhfógra, ba chóir an Fhoirm 93B.1 agus an Fhoirm 93B.2 a sheoladh chuig CRO, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach.

Is féidir ceisteanna a chur faoi bhráid crocarlow@djei.ie nó 01-8045200/1890220226 agus roghnaigh "Rogha 1" maidir le Tuairisceáin Bhliantúla.

## 6. CEISTEANNA FAOI FHOIRMEACHA NA SEIRBHÍSE CÚIRTEANNA

Na foirmeacha dá dtagraítear thuas, is Foirmeacha de chuid na Seirbhíse Cúirteanna iad, agus ba chóir ceisteanna maidir leis na foirmeacha sin a chomhlánú a chur ar do chomhairleoir dlí nó ar an tSeirbhís Chúirteanna, agus ní ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

**AGUISÍN – Samplaí d'Fhoirmeacha na Seirbhíse Cúirteanna – ba chóir bunchóipeanna a fháil ón tSeirbhís Chúirteanna nó iad a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Seirbhíse Cúirteanna**

_ http://www.courts.ie/rules.nsf/DistrictApps?OpenView&Start=5.83&Count=30&Expand=5#5-

**Foirm Uimh. 93B.1**

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014, Alt 343(5)

FÓGRA UM IARRATAS AR ORDÚ AG SÍNEADH AN AMA INA bhFÉADFAR TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL A SHEACHADADH AR CHLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ

Ceantar Cúirte Dúiche __________ Dúiche Uimh.
…………………………………………………………………………………….......................... Iarratasóir
.......................................... Cláraitheoir na gCuideachtaí ...................................................... Freagróir

BÍODH SEO INA FHÓGRA go mbeidh an chuideachta iarratasóra thuasainmnithe ("an chuideachta"), arb í a huimhir chláraithe............ ag déanamh iarratais chun suí na Cúirte Dúiche ag ....... ar an ....... lá de ........ 20 ...... ag ..... r.n./i.n. faoi alt 343(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ar ordú lena gcuirfear síneadh leis an tréimhse ama chun críocha *alt 343(2) *alt 343(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ina bhféadfar tuairisceán bliantúil na cuideachta i ndáil leis an tréimhse .............. a sheachadadh ar Chláraitheoir na gCuideachtaí.

1. Tá oifig chláraithe na cuideachta suite ag .......... sa *(ceantar agus) dúiche chúirte réamhráite.

2. . Is é dáta tuairisceáin bhliantúil na cuideachta .........

3. Má dhéantar ordú ar shíneadh ama, tá sé beartaithe an tuairisceán bliantúil is ábhar an iarratais seo a ullmhú cothrom le ............ *(Má dhéantar ordú ar shíneadh ama, tá sé beartaithe an tuairisceán bliantúil is ábhar an iarratais seo a ullmhú cothrom le)*

4. Ní dhearna an Chúirt Dúiche aon Ordú roimhe seo faoi alt 343(5) den Acht i leith na cuideachta agus i ndáil leis an tréimhse atá luaite ag 3 thuas

*5. . Déanfaidh an chuideachta iarratas chun na Cúirte chun tréimhse a cheadú is faide ná 28 lá tar éis an dáta ar a mbeidh ordú déanta faoi alt 343(5) den Acht i dtaobh cóip dheimhnithe den ordú a sheachadadh ar an gCláraitheoir, ar tréimhse .............. í.

Arna dhátú an ...... lá seo de ....... 20 .....

Sínithe …………………………………………..
Iarratasóir/aturnae thar cheann an Iarratasóra
Chuig Cléireach na Cúirte Dúiche
Oifig na Cúirte Dúiche
Ag.......................................

Chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí
Ag .......................................

*Scrios mar is cuí

*Ní mór an Fógra chuig an gCláraitheoir a sheachadadh ar an CRO tráth nach déanaí ná 21 lá roimh an dáta Cúirte. Mura ndéanfar amhlaidh, ní ghlacfar leis.*

*Ní mór an tOrdú Cúirte a sheachadadh ar an CRO tráth nach déanaí ná an t-am a thabharfaidh an Chúirt chun na críche sin (28 lá de ghnáth). Más i ndiaidh an dáta sin a dhéanfar é a sheachadadh, beidh an tOrdú neamhbhailí.*

**Foirm Uimh. 93B.2**

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014, Alt 343(5)

MIONNSCRÍBHINN AG TACÚ LE hIARRATAS AR ORDÚ AG SÍNEADH AN AMA INA bhFÉADFAR TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL A SHEACHADADH AR CHLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ

Ceantar Cúirte Dúiche __________ Dúiche Uimh.
…………………………………………………………………………………………………………….................... Iarratasóir
............................................ Cláraitheoir na gCuideachtaí ...................................................................... Freagróir

Mise, ........... as ............., * *stiúrthóir *rúnaí de chuid na cuideachta is iarratasóir, atá in aois ocht mbliana déag agus os a chionn, MIONNAÍM agus deirim mar seo a leanas:

1. Tagraím d'ábhar an fhógra iarratais anseo. Is fíor iad na ráitis fíricí atá san fhógra iarratais atá laistigh de mo chuid eolais féin. Creidim go macánta gur fíor í an fhaisnéis atá san fhógra iarratais sin nach bhfuil laistigh de mo chuid eolais féin.

2. *[Tagraím d'asphrionta de thuairisceán bliantúil na cuideachta san fhoirm atá forordaithe de thuras na huaire ag Cláraitheoir na gCuideachtaí a chlúdaíonn an tréimhse........ go dtí ........... *agus do chóip de ráitis airgeadais na cuideachta cothrom le ........... marcáilte "A" ar ar shínigh mé m'ainm roimh an mionnú seo.] nó *[Níorbh fhéidir go dtí seo tuairisceán bliantúil na cuideachta a chlúdaíonn an tréimhse ............ go dtí .......... a ullmhú mar gheall ar (leag amach na cúiseanna)]

3. Is iad na cúiseanna nár seachadadh an tuairisceán bliantúil ar Chláraitheoir na gCuideachtaí laistigh den am atá ceadaithe faoi alt 343(2) nó alt 343(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ná (leag amach na cúiseanna agus fíoraigh aon fhíorais ar a bhfuiltear ag brath).

*Bheadh sé cóir freisin ordú a dhéanamh ag síneadh an ama maidir le seachadadh tuairisceán bliantúil na cuideachta toisc (leag amach na cúiseanna agus fíoraigh aon fíorais ar a bhfuiltear ag brath).

*4. (Sa chás ina ndéanfaidh an t-iarratasóir iarratas chun na Cúirte chun tréimhse a cheadú is faide ná 28 lá tar éis an dáta ar a mbeidh ordú déanta i dtaobh cóip dheimhnithe den ordú a sheachadadh ar an gCláraitheoir) Is iad na cúiseanna gur cheart tréimhse is faide ná 28 lá a cheadú maidir le cóip dheimhnithe den ordú a sheachadadh ar an gCláraitheoir (leag amach na cúiseanna agus fíoraigh aon fhíorais ar a bhfuiltear ag brath);

*5. Tagraím don tsraith iomlán comhfhreagrais idir an t-iarratasóir agus an Cláraitheoir i ndáil leis an iarratas seo, atá ceangailte le chéile agus marcáilte "B", ar ar shínigh mé m'ainm roimh an mionnú seo.
6. 6. Iarraim dá réir ordú sna téarmaí atá leagtha amach san fhógra iarratais.

ARNA MHIONNÚ os mo chomhair [ainm i gceannlitreacha] i ............... i i gContae ................ ar an ......... lá de .......... ... 20 ....., ag an ......................... réamhráite
*[a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi],
*[a cuireadh in aithne dom ag ......... a bhfuil aithne phearsanta agam air/uirthi]
*[a bhfuil a chéannacht nó a céannacht bunaithe dom roimh ghlacadh na mionnscríbhinne seo trí thabhairt ar aird dom †phas uimh. ........... a eisíodh ar an ........ lá de ......... ag údaráis ........, is údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann,
†chárta aitheantais náisiúnta uimh. ....... a eisíodh ar an ...... lá de ....... ag údaráis .......... is Ballstát de chuid an AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE
†Phas Eachtrannaigh uimh. ..... a eisíodh ar an ...... lá de ........... ag údaráis ........ is údarás atá aitheanta ag Rialtas na hÉireann
†dhoiciméad taistil dídeanaí uimh. ........ a eisíodh ar an ....... lá de ........... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais
† doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil dídeanaí) ........ a eisíodh ar an ....... lá de ........... ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais]
.................... .....................
Teisteoir *Coimisinéir Mionnaí / *Aturnae Cleachtach

*Scrios mura n-oireann

†Nuair is cuí, déan an rogha chuí agus scrios na roghanna eile.

Tá an mhionnscríbhinn á comhdú leis an gCléireach Cúirte Dúiche ag ........... ar an ...... lá de ...... 20... ag ................ thar ceann an iarratasóra sna himeachtaí thuasluaite.

Foirm Uimhir 93B.3

ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014, Alt 343(5)

ORDÚ FAOI ACHT NA gCUIDEACHTAÍ 2014, Alt 343(5), AG SÍNEADH AN AMA INA bhFÉADFAR TUAIRISCEÁN BLIANTÚIL A SHEACHADADH AR CHLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ

Ceantar Cúirte Dúiche __________ Dúiche Uimh

………………………………………………………………………………………………………………………………

…..................... Iarratasóir .......................................... Cláraitheoir na gCuideachtaí .............................................
......................... Freagróir

DE BHRÍ, AR IARRATAS chun na Cúirte inniu ón gcuideachta thuasaimnithe is iarratasóir ("an chuideachta"), arb í a huimhir chláraithe .......... agus a bhfuil a hoifig chláraithe suite ag .............. sa *(ceantar agus) dúiche chúirte .......... réamhráite agus arb é a dáta tuairisceáin bhliantúil ............., faoi alt 343(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ar ordú lena gcuirfear síneadh leis an tréimhse ama chun críocha *alt 343(2) *alt 343(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ina bhféadfar tuairisceán bliantúil na cuideachta i ndáil leis an tréimhse ............... a sheachadadh ar Chláraitheoir na gCuideachtaí.

ORDAÍONN AN CHÚIRT LEIS SEO

*TAR ÉIS MHIONNSCRÍBHINN ............... atá mar fhoras leis an iarratas a léamh

*TAR ÉIS an méid a cuireadh i láthair thar ceann na cuideachta *agus an Chláraitheora a éisteacht

*ÓS DEIMHIN LÉI go ndearnadh fógra i dtaobh an iarratais a sheirbheáil go cuí

ÓS DEIMHIN LÉI nach ndearna an Chúirt Dúiche aon Ordú roimhe seo faoi alt 343(5) den Acht i leith na cuideachta agus i ndáil leis an tréimhse lena mbaineann

ÓS DEIMHIN LÉI GO mbeadh sé cóir é sin a dhéanamh

faoi alt 343(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014 go gcuirfear síneadh leis an tréimhse ama inar féidir tuairisceán bliantúil na cuideachta i ndáil leis an tréimhse ........ go dtí ....... a sheachadadh ar Chláraitheoir na gCuideachtaí go dtí .......... agus go bhfuiltear á síneadh amhlaidh leis seo.

Ní mór don chuideachta cóip dheimhnithe den ordú seo a sheachadadh ar Chláraitheoir na gCuideachtaí *laistigh de 28 lá Dated this .................day of ................. 20.......
*[cuir isteach tréimhse níos faide má ordaítear amhlaidh]
Arna dhátú an ................. lá seo de ................. 20.......

Sínithe ...............................
Breitheamh de chuid na Cúirte Dúiche

*Scrios mura n-oireann

AN OIFIG UM CHLÁRÚ CUIDEACHTAÍ
**Oifig Poiblí:** Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1
**Fiosruithe:** Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

**Lóghlao:** 1890 220 226
**Fón:** +353 1 804 5200
**Ríomhphost:** info@cro.ie **Láithreán:** www.cro.ie

COMPANIES REGISTRATION OFFICE
**Public Office:** Bloom House, Gloucester Place Lower, Dublin 1
**Postal Enquiries:** O'Brien Road, Carlow, R93 E920

**Lo Call:** 1890 220 226
**Tel:** +353 1 804 5200
**Email:** info@cro.ie **Web:** www.cro.ie